B'é toradh foriomláin an athbhreithnithe go ndearna an Oifigeach Oidhreachtach bainistíú maith ar fhorfheidhmiú an Plean Oidhreachtach agus gur tugadh faoi gníomhaíochtaí ar bhealach córasach agus oiriúnach. Ar na moltaí don gcead Plean Oidhreachtach eile bhí Plean a fhorbairt le fócas straitéiseach níos láidre, méadú ar rannpháirtíocht ghrúpaí agus eagraíochtaí oidhreachtach agus feabhas ar chumarsáid maidir le teachtáireacht na hoidhreachtach.

Ba é Plean Oidhreachtach Chathair Chorcaí 2007-2012 an chéad plean dá leithéid i gCathair Chorcaí. Sholáthair an Plean creat le cuspóirí, tosáíochtaí agus gníomhaíochtaí oidhreachtach a leagadh amach laistigh de chomhthéacs chláir struchtúrtha. Bhí an Plean uailmhianach ina scóip, a théamaí agus a chuspóirí. Bhí ceithre phríomhchuspóirí agus daichead a seacht gníomhaíocht sa Plean ag clúdach gach gné de chosaint na hoidhreachtach agus iad ag diríú ar an oidhreacht thógtha, seandálaíocht, oidhreacht chultúrtha agus oidhreacht nádúrtha. Faoi dheireadh an plean reatha bhí 66% den na gníomhaíochtaí curtha chun cinn.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí, An Chomhairle Oidhreachtach agus comhpháirtithe eile Fhóram Oidhreachtach Chathair Chorcaí tar éis timpeall €875,000 a infheistiú i bhforfheidhmiú gníomhaíochtaí Plean Oidhreachtach Chathair Chorcaí.

1.5 Plean Oidhreachtach Chathair Chorcaí (2007-2012)

Tá forbairt agus forfheidhmiú Plean Oidhreachtach do Chathair Chorcaí mar phríomhchuid den chothroimníocht seo a bhaint amach agus le cinneadh eolasaigh a dhéanamh maidir le cúram agus bainistíocht oidhreachtach Chathair Chorcaí.

1.4 Ról Plean Oidhreachtá Chathair Chorcaí

Tá níos mó i gceist le hoidhreacht ná an t-am atá caite. I ar saol atá ag athrú go mear tá ar Oidhreacht chomh maith ag síoréabhlóidí agus dá síorchruthú. Tá Oidhreacht an toadhcháil á chruthú agáin agus ag am gcéanna táimid ag iarraidh tuiscint a fháil ar agus feabhas a chur ar a bhfuil faighte agáin mar oidhreacht.

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh cothromaíocht ann idir an ghá atá le h-athrú agus an mian go ndéanfaí ár nOidhreacht a chosaint. Tá bainistíú ar nOidhreacht ar bhealach inbhuanaithe ríachtanach don dúshlán go dtabharrfaí tacaíocht d'fhorbairt Chathair Chorcaí, go h-áirithe maidir lena tarraingteacht agus lena h-iomaíochas agus ag an am gcéanna feabhas a chur ar churam ár nOidhreachtá.

Isteach a spreagadh chomh maith leis na tionscail, na fiontraíthe agus na hoibríthe atá ann a choimeád.

Is cuid ríachtanach de thionscal na turasoíreachta i oidhreacht chomh maith. Tá seo le feiceáil sa Chreat Léirmhíniúcháin ar Chathair agus Chuan Chorcaí a chuir Fáilte Éireann ar fáil le déanaí. Léiríonn suirbhéireachtaí ar thurasóirí arís agus arís eile go bhfuil oidhreacht ar cheann de na príomhthé a mheallann iad chun na hÉireann agus téann beirt as gach tríúr cuairteoir chug láithreán oidhreachtá nó áit is díol spéise do chuaiséirí. Tá turasoíreachtaí oidhreachtá agus chuitirtha ag fás ar fud an domhain agus measann Fáilte Éireann gur tháinig 6.7 milliún cuairteoir chun na hÉireann i 2013 agus gur chaith siad timpeall €4.5 billiún.

Léiríonn a suirbhéireachtaí gurb é an 3ú spreagadh is mó, i ndiaidh mhuintir na hÉireann agus an radharcra, ná cultúr agus stair do chuaiséirí agus rogha a dhéanamh acu teacht ar saoire go hÉirinn. Deir 83% de chuaiséirí eachtacha go bhfuil stair agus cultúr an-tábhachtach agus Éire á roghnú mar ionad saoire acu.



Luch don Gheilleagar Áitúil agus do Thurasóireacht
Tá luach eacnamaíoch ag baint le hoidhreacht don gCathair. Tá ról tábhachtach aici maidir le cáilíocht na beatha a fheabhsú dá saoránaigh agus cuireann sí le Corcaigh mar áit mháth le cónaí, oibríú agus staidéar a dhéanamh inti agus cuireann sí dá réir le hinflheistíocht

An Luch do Phobail agus Cáilíocht na Beatha
Tá an-luach le hoidhreacht ag leibhéal áitúil do phobail i gCathair Chorcaí. Cibé sa Linn Dubh nó sa Dúcharraig, Baile na mBocht nó Machain, Garrán na mBráthar nó An Glaisín cabhráíonn oidhreacht áitúil áite a scéal a insint agus le tuiscint a thabhairt ar conas a tháinig sé chun cinn. I saol atá ag athrú go tapaigh tuggann seo feiniúlacht agus diongbháilteacht do phobal agus cuireann sé feabhas mór ar cháilíocht na beatha.

1.3 Luch na hoidhreachtá



Tá Rannóg na bPáirceanna tómana spréagadh a thabhairt agus feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus ar oidhreacht nádúrtha bhonneagar glas na cathrach agus oibríonn sí go dlúth le móran grúpaí áitúla comhsaoil agus Fóram Comhsaoil Chorcaí d'fhonn tionscadail oidhreachtá nádúrtha a fhorbairt. Airítear ar a bhfreagrachtaí chomh maith crainn a chur agus a chothabháil, bainistíú a dhéanamh ar speicis choimhthíocha ionracha chomh maith le cuibhírin phoiblí a fhorbairt agus a bhainistíú. Tá freagracht ar Rannóg na bPáirceanna freisin as cothabháil ceithre reilig sa chathair ar a n-airítear reiligi stairiúla Reilig Iósait agus Reilig Fhionnbharrá. Déanann siad trácht chomh maith ar chomhaid phleanála, tionscadail bhonneagair agus déanann siad polasaithe tírdreacha agus áineasa a fhorbairt do Phlean Forbartha na Cathrach.

ndéanfaidh an pháirc óstáil freisin ar imeachtaí chultúrtha agus ar theacht le chéile agus cuirfeair i bhfeidhm é thar na blianta ar bhonn céimnithe de réir mar a chéadalon an t-airgead é. Páirc eile dá leitheid is ea Páirc Ghleann na Trá Móire, iar-Láithreán Lonadh Talún Chomhairle Cathrach Chorcaí ag Bóthar Chionn tsáile a ndéanfar athfhorbairt uirthi le fearann páirce 20 heachtar agus anaclann dúlra, páirceanna uile-áimsire, achar ar leith d'imeachtaí marquee, áit sugartha do leanaí agus rianta spóirt inti.

Rannóg Pháirceanna Chomhairle Cathrach Chorcaí

Is fo-roinn i Rannóg na bPáirceanna laistigh de Stúirtóireacht Chomhshaoil agus Aineasa Chomhairle Cathrach Chorcaí. Tá réimse leathan feidhmeanna ag Rannóg na bPáirceanna ar a n-áirítear bainistiú agus cothabháil 1500 acra de pháirceanna poiblí & spásanna oscailte na Cathrach, chomh maith le saoráid áineasa mar chlois súgartha, páirceanna imeartha, sílibhealaí, rotharbhealaí, achair do chluchtílúsaíde (MUGAs) agus gaifchúrsa bardasach ag Machain. Tá ról tosaíochta ag Rannóg na bPáirceanna maidir le pleanáil, dearadh, forbairt agus bainistíocht pháirceanna nua na cathrach m.sh. Páirc na Muiríne, coincheap dearta na láithreach 35 heachtár ina n-áirítear srath de ghairdíní uisce uirbeach, sruthchúrsaí agus bogáigh. Tá sé ar intinn go

Cartlanna Chathair agus Chontae Chorcaí

Bunaíodh Cartlanna Chathair agus Chontae Chorcaí i 1971 le caomhnú a dhéanamh ar chartlanna cheantar Chorcaí a chaomhnú chun críche taighde, oidhreacht agus iníochta phoiblí. Is é atá sna cartlanna ná taifid a bailíodh go nádúrtha ón eagraíocht a gineadh le linn a ghníomhaíochtaí a roghnaíodh do bhunchoaomhnú. Tá socruithe cearta a dhéanamh maidir le caomhnú, agus rochtain ar, thairfid agus chartlanna áitúla mar rheidhm reachtúil ag rialtais áitúil ó 1994. Tá na sócmhainní is mó agus is tábhachtaí i gCorcaigh sna Cartlanna, ina bhfuil eolas uathúil a bhaineann le hIlloimad instítúidí, áiteanna, daoine agus imeachtaí. Tá doiciméadú ar fhorhmór na ngnéithe de stair shóisialta, pholaítúil, thráchtála agus chultúrtha Chorcaí ina bhfuil ann. Airtítear sna bailiúcháin cartlanna an údaráis áitúil ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí, Comhairlí Baile, agus údaráis áitúla éagsúla atá éagtha mar Bhoird Bharadachta Thithe na mBocht. Coimeádtar chomh maith páipéir phearsanta, taifid ghno, páipéir a bhaineann le heasáit shealbóirí talún, páipéir dhífodóirí, taifid eagraíochtaí éagsúla príobháideacha, ceardchumann, comhlachtaí cartanachta agus taifid scoile. Tá eolas ar ghinealas i gcuid mhór de na bailiúcháin nach bhfuil ar fáil in aon áit eile, mar shampla, taifid ar ghníomhaíochtaí agus mhaoin, clár reilige, clár thithe na mBocht, agus clár ospidéal. Tá clár gníomhach ag na Cartlanna de liostáil agus digitíú taifid, agus baineann stáithe, mic léinn, na meáin, eolaithe sóisialta, an pobal áitúil agus grúpaí oidhreacht, foireann an údaráis áitúil, agus daoine a dhéanann taighde ar stair a dtéaghlach úsáid as an seomra taighde agus an suíomh gréasaín. I 2006, sholáthair Comhairle Cathrach Chorcaí ionad nua a tógadh le sainchuspóir, is é sin Foirgneamh Seamus Murphy ina bhfuil na háiseanna is nua-aimseartha do chaomhnú agus úsáid chartlanna.



Iarsmalann Phoiblí Chathair Chorcaí

Déanann Iarsmalann Phoiblí Chorcaí iarracht ar oidhreacht shábhair stáitúil agus seandálaíochta a chaomhnú, a chatalógú agus a thaispeáint do mhuintir Chorcaí agus do thurasóirí araon. Faiogheann an Iarsmalann a bailiúcháin go príomha trí ábhar a bhronntar uirthi agus ó ham go chéile trí nítche a cheannach a cheapar a bheith tábhachtach do chathair Chorcaí. Feidhm tábhachtach eile ag an Iarsmalann is ea eascú a dhéanamh ar tháighde agus rochtain a sholáthar ar ábhar do mhic léinn, údair agus lucht taighde eile. Tá clár digitithe beartaithe don tochtain níos feara a chheadú don bpobal ar líne. Déanann an Iarsmalann turais faoi threoir a thairiscint freisin do mhic léinn scoile agus ollscoile a thugann cuairt ar an Iarsmalann chun críche oideachais. Déanann Iarsmalann Phoiblí Chorcaí óstáil ar ceithre nó cúig taispeántas mar mheán gach bliain ag déileáil le réimse leathan topaicí ó phearsa stairiúla mar iar-Whéaral Traolach Mac Suibhne agus Tomás Mac Curtáin go healaín suiteála ó Fhiondúireacht Cope. Ina theannta sin déanann an Iarsmalann comhoibriú ar roinnt tionscadal le hinstitiúidí eile Oidhreacht sa chathair ar a n-áirítear Leabharlanna Chathair Chorcaí, Cartlanna Cathrach agus Contae Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC).



Chathair Chorcaí agus ar an gcontae. Tá réimse an-leathan daoinne a bhaineann úsáid as an leabharlann, ó dhatal scoile go scoláirí iardhochtúirreacht ag iniúchadh gach gné den saol sa réigiún. Ar acmhainní na leabharlaine áirithear leabhair, mapáí, irisí, grianghrafanna, CDanna agus DVDanna. Ceann de na gnéithe is láidre a bhaineann leis an leabharlann ná an bailiúchán fairisng de nuachtáin Chorcaí idir chóipeanna páipéir agus micrífí a mbaointear an-úsáid as. Gné neamhchoitianta den leabharlann is ea an bailiúchán mór d’ábhar gearrshaoilach ar a n-áirítear clár amharclaine agus spóirt, irisí pharóiste agus póstaer agus bileoga maidir le himeachtál i gCorcaigh. Déantar gach ceist maidir le Cathair Chorcaí agus an contae a thagairt d’fhoireann na leabharlaine a sholáthraíonn seirbhís chomhairleach ginealais freisin, réimse a bhfuil an-tóir air le blianta beaga anuas. Déantar innéascú cuimsitheach ar ábhar a thagann isteach agus tá an innéas ar leabhair agus ar nuachtáin ar fáil ar líne. Tá an Rannóg Stáidéir Aitúil, i gcomhar leis an rannóg R-Leabharlaine, tar éis an suíomh gréasáin a bhfuil an-tóir air Cork Past and Present a chur ar fáil a sholáthraíonn rochtáin ar shabhras ábhair maidir le Corcaigh.

Oifigeach Caomhantais
 TTá an Oifig Caomhantais suite sa Stúirthóireacht Pleanála Straitéiseach agus Forbartha Geilleaghrach. Tugann an Oifig Caomhantais comhairle d’fhoireann na Comhairle agus don bpdal maidir le hoirdhreacht ailtireachta na Cathrach, ar a n-áirítear Struchtúir atá faoi Chosaint, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAanna) agus suirbhéireacht Chathair Chorcaí ar fhoirgnimh stairiúla agus logánta. Cuirtear an Oifigeach Caomhantais leis an bpróiseas pleanála ar bhonn rialta nuair a bhíonn tonchar aige ar an oidhreacht thógtha, ó thrácht a dhéanamh ar chomhaid phleanála, tionscadail a bhaineann le bonneagar agus cásanna forneidhmíthe go polasaithe a chur ar fáil don bplean Forbartha Cathrach. Déanann an Oifigeach Caomhantais riaradh agus measúnú ar scéimeanna deontais freisin, nuair a bhíonn airgead ar fáil le deisíocháin a dhéanamh ar Struchtúir atá faoi Chosaint.

Leabharlanna agus Rannóg Stáidéir Aitúil Chathair Chorcaí
 Le blianta fada baineadh an-úsáid as Rannóg Stáidéir Aitúil Leabharlanna Chathair Chorcaí mar acmhainn dóibh síud a bhí ag déanamh taighde ar stair agus cultúr



agus bainistíú i gceist chomh maith maidir le gníomhaíochtaí an Phlean Oidhreachtá a sholáthar ar bhonn leanúnach i gcomhar le comhghleacáithe ar fud Chomhairle Cathrach Chorcaí agus grúpaí agus eagraíochtaí áitíúla oidhreachtá. Bíonn baint ag an Oifigeach Oidhreachtá leis an bpróiseas pleanála freisin, ar bhonn leanúnach, i réimse na hoidhreachtá nádúrtha. Soláthraíonn an Oifigeach Oidhreachtá comhairle agus tacaíocht don bpopal, do ghrúpaí agus eagraíochtaí oidhreachtá agus eagraíonn sé/sí imeachtaí oidhreachtá mar Lá Oscailte Oidhreachtá Chorcaí agus déanann comhordú ar Sheachtaí Oidhreachtá Chathair Chorcaí gach bliain.

Seandálaí na Cathrach

Tá Seandálaí na Cathrach bunaithe sa Stúirtóireacht Pleanála Straitéiseach agus Forbairtha Geilleagrach agus soláthraíonn sé/sí tacaíocht agus cúnaimh seandálaíochta do gach Stúirtóireacht laistigh de Chomhairle na Cathrach. Is é príomhról Sheandálaí na Cathrach a chinntiú go ndéantar oidhreacht seandálaíochta na cathrach a chosaint agus a chaomnú agus déantar seo go príomha tríd an bpróiseas pleanála. Is seandálaí ceadúnaithe é Seandálaí na Cathrach agus is féidir leis monatóireacht, tochairt agus tástáil seandálaíochta a dhéanamh thar ceann Chomhairle na Cathrach. Tá Seandálaí na Cathrach rannpháirteach go gníomhach maidir le heolas agus tuiscint ar stair agus seandálaíocht na cathrach a chur chun cinn agus tá sé tar éis Ceiliúradh Lae Meánaoiseach a eagrú le blianta beaga annas trí bhailiúcht Chomhairle na Cathrach de Líonra Bhailithe Múrtha na hÉireann. Cuirteann tionscnaimh ardaíthe feasachta mar tháifead láidir foilsithe béim ar thíomantas leanúnach Chomhairle na Cathrach maidir le hoidhreacht shábhair seandálaíochta na cathrach a chur chun cinn.

Cé nach cathair dátheangach í, tá Oidhreacht Láidir ag Corcaigh maidir leis an nGaeilge le ceangailt leis na Gaeilchtaí atá siar ón gcathair.

Is oidhreacht ó stair Chorcaí mar chialafort trádála iad na spiorsaí nuair a rinne na cóllineachtaí Breataineacha cathair shábhair as Corcaigh.

Tá an-spéis sa Chathair i ngach gné den Oidhreacht shábhair seo. Is cuid lárnach de shaol na cathrach é. Tá Eolaíochta, Miléata agus Gaeilge, gan ach cuid acu a lua, atá sa chathair.

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí pointe fócais do ghníomhaíochtaí Oidhreachtá cultúrtha tríd a hOifigeach Ealaíona, Spóirt agus Gaeilge in éineacht leis na seirbhísí a sholáthraíonn na Cartlanna, na harsmalanna agus na Leabharlanna.

Ceapadh na gníomhaíochtaí atá sa phlean seo a bhaineann le hOidhreacht Chultúrtha le tacú agus cur leis an gcreat chultúrtha atá ann a chuirfidh ar chumas mhuintir Chathair Chorcaí baint a bheith acu, agus taitneamh a bhaint as a nOidhreacht.

1.2 Seirbhísí Oidhreachtá Chomhairle Cathrach Chorcaí

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí réimse leathan seirbhísí oidhreachtá ar bhonn leanúnach. Soláthraíonn foireann ghairmiúil na seirbhísí seo ag obair i Stúirtóireachtaí éagsúla ar fud Chomhairle Cathrach Chorcaí agus tugtar achoimre orthu thíos. Is mian le Plean Oidhreachtá Chathair Chorcaí tacú leis an obair atá á dhéanamh acu síúd atá ab obair cheana féin agus ag cur le hOidhreacht na Cathrach laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Oifigeach Oidhreachtá

Tá an Oifigeach Oidhreachtá bunaithe sa Stúirtóireacht Pleanála Straitéiseach agus Forbairtha Geilleagrach agus oibríonn sé/sí ar fud na Comhairle le comhairle agus treoir a sholáthar aige/aici ar chúrsaí oidhreachtá. Ceann de phríomhréidhmeanna an Oifigeach Oidhreachtá is ea treoir a thabhairt do cheapadh agus d'fhorneidhmíú Phlean Oidhreachtá Chathair Chorcaí i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachtá Chathair Chorcaí. Bíonn comhordú



ag an Loch chomh maith faoin Acht um Fhiadhúlra mar Thearmann Éanlath Fháine. Tá an chuid thiar de Loch Machan ainmnithe chomh maith mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) d'éanlath Fháine toisc riasc goit agus réaláin láibe idirthaoideacha a bheith ann. Faoi Threoir an AE maidir le hiasc Fionnuisce tá an Laoi ainmnithe mar amhainn Salmáinide óna foinsé go hOibreacha Uisce Chathair Chorcaí, in aice na Lee Fields.

Tá roinnt polasaithe sa Plean Forbartha do Chathair Chorcaí chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint. Airítear orthu seo polasaithe ag nascadh na hOidhreachtachta nádúrtha le cáitheamh aimsire, plean bitheagsúlachta áitúil a chur ar fáil, radharcanna taitneamhachta a chosaint, criosanna cosanta tírdhreacha, conairí abhainn, sonrúcháin chaomhantais dúlra, ordúithe buanchoimeáda crann agus crainn a chur.

Aithníodh príomhghníomhaíochtaí sa Plean Oidhreachtachta le cur le agus tógáil ar an gclár oibre atá ar síl cheana féin ar fud na Cathrach maidir le cosaint agus feabhsú Oidhreachtachta Nádúrtha Chorcaí.

Oidhreacht Chultúrtha

Beidh a fhios ag duine ar bith a thug cuairt ar Chathair Chorcaí go bhfuil an-tuisctint ag muintir na cathrach ar a bhféiniúlacht chultúrtha agus go bhfuiltear an-mhórtasach as ár nOidhreacht Chultúrtha. Is deacair

sainmhíniú a thabhairt ar Oidhreacht Chultúrtha. Is minic a dhéanann an téarma Oidhreacht Chultúrtha tagairt d'iarasmalanna, cartlanna agus leabharlanna amháin. Mar sin féin, is féidir go n-áireofaí ann chomh maith gnéithe dar nOidhreacht mar theanga, ceol, ginealas, stairsheanchas agus bealoideas, spórt, bia

traidisiúnta agus stair áitúil. Is féidir Oidhreacht Chultúrtha a fháil freisin sna gnéithe is fíneálta, nach bhfuil chomh inbhraite sin dar nOidhreacht ar a n-áirítear blas cainte, nathanna cainte, nósanna áitúla agus cuimhní comhchoitinne. Go simplí, nascann ár nOidhreacht Chultúrtha sinn lenár n-áit dúchais, tugann sí fócas soiléir dar saol laethúil agus cruthaíonn sí tuisctint ar ár gcathair mar áit ar leith agus speisialta. Tá an t-ádh le Cathair Chorcaí go bhfuil Oidhreacht Chultúrtha chomh saibhir agus chomh héagsúil aici. Is ann atá iarsmalanna, cartlanna, leabharlanna agus saoráidí oideachais tríú leibhéal, ar thaisclann iad do bhailiúcháin iontacha agus luachmhara de nithé a bhaineann leis an Oidhreacht atá inspéise go háitúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Airítear ár dtraidisiúin mhúirí agus na ceangail atá againn leis an abhainn agus leis an bhfarraige san Oidhreacht Chultúrtha. Tá gaolmhairéacht na cathrach leis an Abhainn suntasach maidir le múnú a dhéanamh ar fhorbairt na cathrach trí mhéan iompair, cumarsáide, cosanta, tráchtála, bitheagsúlachta agus cáitheamh aimsire a sholáthar. Tá Oidhreacht mhúirí Chorcaí le feiceáil freisin in armas na cathrach "Statio Bene Fida Carinis" – Cuan sábháilte do longa.

Tá stair fhada mhíleata Chorcaí le feiceáil i líon na ndaingean ar fud na cathrach m.sh. Dún Eilfise, Caisleán na Carráige Duibhe agus Dún Uí Chioiléin agus in ainmneacha sráide mar Bhóthar Wellington, Sráid Mhic Curtáin, An Cnoc Míleata.

Tá réimse suíomhanna i gceantar Chathair Chorcaí cosanta faoi reachtaíocht Náisiúnta agus an AE. Airítear orthu seo na Limistéir Oidhreacht Nádúrtha atá beartaithe (LONB) ag an Loch, sa chuid thiar de Loch Machan, Inbhear Dhúglais agus Cuan Chorcaí. Tá stádas

Féitear an Madra Rua (Vulpes vulpes) ag gluaiseacht faoi cheilt i gcuilghairdíní uirbeacha fad a bhíonn móran speiceas den iatóg m.sh. an iatóg Fheascrach (Pipistrellus pipistrellus) agus iatóg Leisler (Nyctalus leisleri), ag fiach na bhféithidí timpeall an Locha. Maireann móran speiceas éisc sa Laoi mar an Bradán (Salmo Salar) agus an Lannach Glas (Crenimugil labrosus) leis an Rón Beag (Phoco vitulina), an Deilf Choiteann (Delphinus delphis) agus an Míol Mór (Orcinus orca) le fáil ann go fánach, rud a chuireann iontas ar lucht cónaithe Chathair Chorcaí.

Is féidir an Cruidín seachantach (Alcedo atthis) a fheiceáil ar bhruacha scáthacha na Laoi fad a chaitheann an Guilbneach Earrdhubh Limosa (Limosa limosa) an gheimhreadh faoi urdhún cosanta Chaisleán na Carráige Duibhe. Tuairiscítear go dtugann os cionn 30 cineál éin cuairt ar ghairdíní típicíla iár na cathrach, agus go mbíonn móran cineálacha eile éan imirceach ag eitilt os cionn na cathrach.

Tá gnáthóga agus fadhúra ar fáil sna háiteanna is neamhchoitianta. Tá an Caorthann le bláth dearg, bándearg agus bán (Centranthus ruber), chomh maith le bláthanna corra agus bána an Buafíon Baila (Cymbalaria muralis) ar fáil in áiteanna éagsúla sa chathair, ar a n-áirítear ballaí uirbeacha, talamh dramaíola agus droichid.

Tá móran mamach, éan, inverteabrach agus planda fáin tar éis dul i dtáithí ar an saol le hais na ndaoine inár dtrádhreach uirbeach. Soláthraíonn áiteanna mar spásanna oscailte poiblí agus páirceanna, síuibhéal, galfchúrsaí, páirceanna imeartha, reiligiú agus gairdíní na dtithe uirbeacha gnáthóga uirbeacha agus tearmann d'fhíadhúra sa chathair.

Sníonn An Laoi, atá 65 ciliméadar ar fhad, óna foirse i nguagán Barra, soir trí chroílár na cathrach, ag deighilt ina Caineíl Thuaidh agus Theas, sara dtéann sí chun na farraige i gcuán domhain nádúrtha Chorcaí. Tá ról tábhachtach ag na haibhneacha agus ag na huiscebhéaláil i leagan amach agus struchtúr na Cathrach agus is eilimint iarnach de charachtar thirrdhreach na cathrach iad.

Oidhreacht Nádúrtha agus Bitheagsúlacht

Airítear ar Oidhreacht Nádúrtha Chathair Chorcaí ár ngeolaíocht, an tírdhreach, flóra agus fána. Is minic a dhéantar tagairt don éagsúlacht bheathra seo mar éagsúlacht bhithgeolaíochta nó bitheagsúlacht. Rud is iontach maidir le timpeallacht uirbeach ná go raibh rath i gcónaí ar an Oidhreacht Nádúrtha i gCorcaigh de bharr a bunús inbhearach agus ar bhogach.

Tá cathair Chorcaí tógtha ar gheolaíocht de ghaineamhchloch rua agus d'aoichloch bhán, agus deirtear go raibh tionschar acu seo ar dhathanna traidisiúnta Chorcaí mar atá bán agus dearg. Tá an chathair suite in áit tarraingteach go fisiciúil a chruthaigh Gleann agus Inbhear na Laoi neadaithe i measc ma mullach a éiríonn ó thuaidh ag An tSeanchóill, Montenotte agus Tivoli agus ó dheas ag Maryborough agus An Ghraínseach.



Tá roinnt scéimeanna ag feidhmiú faoi láthair le feabhas a chur ar an Oidhreacht thógtha sa chathair. Airítear orthu seo scéimeanna deontais chaomhnaíthe do LScanna, scéimeanna deontais péinteála agus tálill forbartha a chur i leataobh maidir le hoibreacha ar Struchtúir atá faoi Chosaint a mbeadh cead pleanála ag teastáil dóibh.

Aithníodh príomhghníomhaíochtaí sa Plean Oidhreacht le tógáil ar an gclár oibre atá ar síúl cheana féin ar fud na Cathrach maidir le cosaint agus feabhsú Ailtireachta agus Oidhreacht Tógtha Chorcaí.

(TSC) agus Limistéir Saincharachtair (LScanna) fhoirgnimh ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint chéimeanna le cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar timpeallachta tógtha stairiúil a spreagtha agus sráth de



banastóras chalafort Chorcaí, na h-Oibreacha Uisce suntasacha ar Bhóthar na Laoi, na séipéil, na scoileanna, na clochair agus na mainistreacha, níl léiriúcháin is fearr díobh seo is dócha ná Séipéal N. Muire ar Ché Pope nó ceann N. Uinseann suite ar all os cionn na habhann i dtobar Rí an Domhnaigh.

Buaicphointe d'ailtireacht an fichiú céad i gCorcaigh is ea Séipéal Chríost Rí ag Crosaire i Turner's Cross, séipéal ar bhfuil ardcháil idirnáisiúnta. Ag leanúint ar aghaidh uaidh seo, i lár an fichiú céad, déanadh séipéil Chaitlicéacha Rómhánacha a dhearadh agus a lonnú le teach Dé a bheith i measc an phobail sna brúachbhailte nua cathrach. Is sciar mór d'oidhreacht thógtha Chathair Chorcaí na séipéil seo agus na scoileanna, clochair agus tithe pobail dea dhearthacha a ghabhann leo.

Tá an timpeallacht thógtha stairiúil mar phríomheilimint maidir le saintréithe áirithe a thabhairt do gach ceantar áitiúil agus is léiriú físiúil í ar ár stair áitiúil. B'fhéidir nach iad na foirgnimh amháin a bheadh i gceist ach gnéithe mar dhroichead nó lánáin céimnithe, fuinneoga nó doirse, ballaí de chloch nó ráillí, seanumar nó bosca poist nó fiú plaic nó ainmchár. Is féidir leis na nithe seo go léir carachtar speisialta a thabhairt d'áit, a thugann sainiúlacht di, agus an nascann sinn leis an am atá cáite agus leis na daoine a chruthaigh ár gcathair.

Is féidir nach mbeadh tábhacht indibhídiúil le móran grúpaí foirgneamh sa chathair ach cuireann siad in éineacht le saintréithe ar leith an cheantair. Tá ceantair mar Bhóthar Wellington/ Crosaire na Mbocht, An Phríomhshráid Thuaidh agus Cnoc Grattan/ Ascaill Uí Mhathúna ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Ailtreachta.

Tá os cionn 1100 foirgneamh agus struchtúr i gcathair Chorcaí atá ainmnithe mar Struchtúir atá faoi Chosaint. Is anseo a fhéachann Udarás Áitiúil ar struchtúr nó ar foirgneamh maidir le spéis ar leith a bheith ag baint leis ó thaobh ailtreachta, staire, seandálaíochta, ealána, cultúra, sóisialta nó teicniúil de. Níl na foirgnimh seo liostáilte ar Thaifead na Struchtúir atá faoi Chosaint (TSC). Mhol staidéar ag an bhFardal Náisiúnta um Oidhreacht Ailtreachta i lár na cathrach go n-áireofaí 1500 struchtúr eile sa TSC. Táthar i mbun na foirgnimh seo a liostáil faoi láthair ar bhonn céimnithe.

Tá polasaithe sa Plean Forbairtha do Chathair Chorcaí maidir le hOidhreacht ailtireachtach agus tógtha Chorcaí a chosaint. Airtítear orthu seo polasat le hathchóiriú na

chomh maith leis na tithe aon urlair agus dhá urlair a soláthraíodh dos na h-ibírithe tonsclaíochta. Fianaise d'fairsingiú ollmhór eacnamaíochta na linne sin is ea na muilté, na trádástórais, na dríoglaanna agus na grúdlanna agus na foirgnimh eile tonsclaíochta agus muirí atá sa Chathair.

Go mínic glaoitear Cathair na gcéim agus na spuaic uirthi, agus tá an-chuid ag dul dos na foirgnimh suimíúla eaglasta mar ardeaglais suntasach Naomh Fionbharr agus Séipéal Honan as a gcuireann siad le hOidhreacht Thógtha Chorcaí. Tá ábhar ar leith spéise sna h-eaglaisí a tógadh go luath san ochtú céad déag, e.g. Eaglais Naomh Pól agus Eaglais Chríost, mar chuid de chláir fairsing atógála tar éis Léigear Chorcaí (1690), agus atá ina n-oidhreacht shainiúil ag an gcathair ón tríimhse sin. Tá samplaí breá d'ailtireacht chlasaiceach tithíochta fós le feiscint ón tríimhse seo chomh maith le stíl shainiúil bhric dhearg Queen Anne m.sh. 50 Cé Pope nó 11 Pías Emmet.

Tugann na grúpaí d'fhoirgnimh dhúchasacha i gceantair stairiúla na cathrach agus sna sean-bhrúachbhailte mar Sraid an tSeandúin agus Sraid na Beairce saincharachtar don Chathair. Tá gnéithe suntasacha, ach fhéailte, ag baint leis na foirgnimh seo, cuid acu tógtha le bríci ach formhór acu tógtha le cloch plástráilte, le díonta géara slinne atá soiléir le feiceáil ó leibhéal na sráide mar dromnaghaidheanna, fuinneoga dormánta, dronnáirsí os cionn na bhfuinneog, rud a thugann le fios go raibh níos mó de nasc trádála agus cultúrtha le deisceart Shasana agus le Meiriceá ná mar a bhí le Baile Atha Cliath.

Tá neart d'fhoirgnimh shibhialta agus institiúideacha ann ón naoú céad déag, an dá Ardeaglais, foirgneamh agus



a chosaint. Clúdáil na siad sin réimsí mar iarsmaí seandálaíochta a chaomhnú in-situ, úirléachais a fhorbairt, seandálaíocht thionsclaíoch, agus patrún Stairiúil Sráide Chorcaí a chosaint.

Tá Oidhreacht Seandálaíochta Chathair Chorcaí cosanta faoi Achtanna na Seadchomharthaí Náisiúnta. Déanann Tairlead na Seadchomharthaí agus na Náiteanna (TSA) soláthar ar liosta de gach seadchomhartha agus áit seandálaíochta dá bhfuil ar eolas atá sumiúil agus suntasach. Ina measc sin i gCorcaigh tá cóir chosanta baile, Teach Didine an Scidigh agus an talmh go léir faoin gcróilár stairiúil agus na purláin.

Aithníodh príomhghníomhaíochtaí sa Plean Oidhreacht chun cur le, agus tógáil ar an gclár oibre atá ar síl cheana féin ar fud na Cathrach um chosaint agus fheabhsú ar sheandálaíocht Chorcaí.



Ailitreacht agus an Oidhreacht Thógtha

Tá seál forbartha tráchtála agus sóisialta Chathair Chorcaí leis na cianta le léamh ó ailitreacht agus ó thimpeallacht thógtha na Cathrach, ag sonrú fás agus meath forbartha na Cathrach agus ag léiriú síl bheatha mhuintir Chorcaí leis na gluainte anuas. Léiríonn Oidhreacht Thógtha na Cathrach na teicnící agus na hábhair éagsúla tógála a úsáidtear chomh maith agus dearaí agus stíleanna an ama atá thart.

Is ag na foirgnimh ón ochtú céad déag go dtí an fichiú céad an tarraingt is mó i gcodanna Iárnacha Chathair Chorcaí. Tá raon éagsúil iontu seo, ó thithe móra agus tithe tuaithe ar na cnoic lastuaidh agus laisteas den Chathair, na bliocanna de thithe sráithe Seoirseacha a luaitear leis an arm, na seipéil agus na h-ardeaglaisí,

bhnuús, ar fhorbairt agus ar fhás na Cathrach chomh maith le gnáthshaoil na n-áitritheoirí san am atá caithe.

Is í an lonnaíocht is luaithe ar a bhfuil tairlead i gCorcaigh ná mainistir a bhunaigh Fionnbarr Naofa sa seachtú céad. Tá fianaise ann ó fhoinse stairiúla go raibh na Lochlannáigh ag tabhairt ruathar faoi Chorcaigh faoin naoú céad. Tá an fhéidearthacht ann gur lonnaigh na Lochlannáigh sa cheantar ach ní aon fhianaise seandálaíochta air seo. Ar a shon sin, tá tochaillt seandálaíochta a rinneadh le déanaí i rith Príomhscréim Draenála Chorcaí agus ar an bPríomhscréim Theas tar éis cabhrú go mór lenár bhfeasacht maidir leis an tréimhse déanach Lochlannach i gCorcaigh ar a dtugtar an tréimhse Gael-Lochlannach.

Tuigtear go raibh na lonnaíochtaí a bhí sa Chathair i ndeireadh an t-aonú céad déag agus tús an dara céad déag comhdhéanta de shraith d'ardáin cré, le claíochta adhmaid thart timpeall ar tógadh tithe orthu ina dhiaidh sin. Ghabh na hAngla-Normannaigh an chathair Ghael-Lochlannach go déanach sa dara céad déag agus dainníodh an chathair ina dhiaidh sin le ballaí cloch.

Os cionn talún níl ach líon beag struchtúr meánaoiseacha agus struchtúr luath-iar-meánaoise fágtha mar Red Abbey Tower (idir an ceathrú agus an cúigiú céad déag) agus Elizabeth Fort (go luath sa seachtú céad déag). Ar a shon sin, maireann an patrún meánaoiseach sráide laistigh de sráid-dreagh nua-aoiseach Chorcaí. Ba iad an Phríomhscréim Thuaidh agus an Phríomhscréim Theas cnámh droma na Cathrach meánaoise le lánal agus láitreacha ag rith go dronuilleach le balla na Cathrach. Cuirtear na lánal meánaoiseacha seo in iúl inniu le na pláiceanna cré-umha e.g. Cockpit Lane agus Angel Lane.

Tháinig na h-iarsmaí seandálaíochta tionsclaíochta agus na h-iarsmaí stairiúla is suntasat atá fós fágtha i gCathair an lae inniu ó ré ardcéime Chorcaí mar ionad tráidála agus mar chalafoirt tráidála muirí san ochtú agus sa naoú céad déag e.g. An Margadh Ime sa tSeandún, tionscail Ghruáidreachta na Linne Duibhe agus an Bannastóras i gCalafoirt Chorcaí. Tá formhór na bhfoirgneamh ina mbíodh na tionscail sin agus na trádstórais, gráinseacha, bráich-thithe, etc., a bhain leo leagtha go talmh le blianta beaga anuas; tá cuid acu tréigthe nó ina bhforrraig, tá úsáid nua fágthe do chuid acu agus déanadh athrú agus athchóiriú go báuil ar chuid eile acu. Tá roinnt polasaithe sonrath i bPlean Forbartha Chathair Chorcaí (2015-2021) chun ár n-oidhreacht seandálaíochta



Níl an oiread sin de sheadchomharthaí ársa le fáil os cionn tailín sa Chathair, ach ar a shon sin, tá seandálaíocht faoi thialamh ann ag freagairt do gach ré d'fhorbairt Chorcaí. Déanann tochtailt seandálaíochta faisnéis a sholáthar ar

Seandálaíocht
Tá Cathair Chorcaí ar cheann de na cathracha is sine in Éirinn agus tá stair saibhir seandálaíochta aici. Eascraíonn saincharachtar na Cathrach ón meascán dá topagrafaíocht, a creatlach tógála agus a suíomh ar an Laoi ag pointe ag a gcruthaítear uiscebhealaí éagsúla. Tógadh Cathair Chorcaí ar oileáin inbhearacha i ngleann riasach na Laoi agus de réir a chéile d'fhorbair suas na cnoic ghéara ó thuaidh agus ó dheas. Dirítear an t-ainm "Cork" (i mBéarla) ó "Corcaigh" focal a chiallaíonn corcach nó riasc.

agus ar a cuid saoránach, ó na Lochlannaigh go dtí na Viteoiriaigh go dtí an Iá inniu. Is í an oidhreacht seo a chuidíonn go mór le Cathair Chorcaí a bheith ina h-áit bhriomhar shuimiúil inniu. Tá gach eilimint den oidhreacht le fáil i gCathair Chorcaí.

Oidhreacht sa Chathair
Cathair Ián de chontrárthachtaí is ea Corcaigh le meascán de mhóran traidisiúin éagsúla cultúrtha. Tá réise fhairsing sa seachtú céad go dtí a bheith ina calafort rathúil níos déanaí. Déanann oidhreacht Chathair Chorcaí sonrú agus léiriú ar an athrú éagsúil agus leanúnach seo ar Chorcaigh

and distinct from any other place.

fáil in aon áit eile
shainiúil agus leithleach di nach bhfuil a macasamhail le sainmhíniú ar ár gcathair, agus dá réir sin a déanann áit againn mar phobal ó ghluin go glúin agus is é a thugann a iad na nithé sin uile. Is é a bhfuil faighte ó shinsearachtaí muinntir Chathair Chorcaí. Déanta na firinne is oidhreachtaí ngaolmhairreachtaí díir na h-eilimintí seo go léir agus agus comhshaoil áite. Bainneann sí chomh maith leis an Ar a shon sin is mó oidhreachtaí ná sócmhainní ábhartha

Tá oidhreacht Chathair Chorcaí éagsúil, beoga agus is féidir í a fheiceáil inár dtimpeall. Airítear uirthi seandálaíocht, an oidhreacht thógtha, an oidhreachtaí nádúrtha agus oidhreachtaí chultúrtha in éineacht lenár gcartlanna, iarsmalann, leabharlanna agus bailiúcháin eile. Eilimintí tábachtacha eile dár n-oidhreachtaí is ea an tírdhreach, geolaíocht, agus páircéanna. Airítear freisin stair áitíúil agus béaloideas, nathanna cainte agus blas cainte, níosanna áitíúla agus bia traidisiúnta.

Sainmhíniú ar Oidhreacht

1.1 Oidhreacht Chathair Chorcaí








Réamhrá

CAIBIDIL 1:





Teachtairacht ón gCathaoirleach



Tá Corcaigh aitheanta mar chathair ón 12ú haois agus tá Oidhreacht shaihir agus éagsúil ann atá le feiceáil ina hoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha. Tugann Oidhreacht Chathair Chorcaí féiniúlacht ar leithligh di a chuireann le cáilíocht beatha a saoránach agus le Cathair Chorcaí a bheith ina háit tarraingtíoch le cuairt a thabhairt uirthi, le staidéar a dhéanamh inti agus le hoibriú inti.

Ní leis an am atá caithe amháin a bhaineann Oidhreacht. Leis an saol ag athrú chomh tapaigh tá oidhreacht ag teacht chun cinn go leánúnach chomh maith. Tá Oidhreacht an todochai á cruthú againn agus iarracht á dhéanamh againn tuiscint a fháil, agus feabhas a chur ar a bhfuil faighte le huacht againn. Tá sé tábhachtach go mbeaiffe cothromaíocht amach idir an gá atá le hathrú agus an fonn atá orainn ar Oidhreacht a chosaint. Tá bainistíú ar Oidhreacht ar bhealach inbhuanaithe ríachtanach maidir leis an dúshlán a bhaineann le tacú le forbairt Chathair Chorcaí, go háirithe maidir lena tarraingtíocht agus a hiomaíochas agus feabhas a chur i gcoimeád ar chúram ar Oidhreacht.

Tá na gníomhaíochtaí agus na tionscadail a éiríonn as Plean Oidhreacht Chathair Chorcaí (2015-2020) mar phríomhchuid den chothromaíocht seo a bhaint amach agus le cabhrú le cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le cúram agus bainistíú Oidhreacht Chathair Chorcaí.

Tá forbairt Phean Oidhreacht Chathair Chorcaí (2015-2020) mar thoradh ar a lán oibre agus comhoibriú ó mhórán daoine indibhídiúla agus grúpaí, agus ba mháith lliom an deis seo a thapú le buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd go léir a chabhraigh le forbairt an Phean seo agus go háirithe le mo chomhghleacaithe ar Fhóram Oidhreacht Chathair Chorcaí agus sna Grúpaí Oibre a bhí flathuill lena gcuid ama agus a saineolas. Ba mháith lliom aitheantas a thabhairt freisin do thacaíocht leanúnach na Comhairle Oidhreacht go háirithe maidir le forfheidhmiú an Phean.

Táim ag tnúth leis na tionscadail agus leis na gníomhaíochtaí fiúntacha atá i bPlean Oidhreacht Chorcaí (2015-2020) a bheith á dtabhairt i gcrích, agus tuittear dom go dtabharfaidh siad leasa suntasacha i gceist dar nOidhreacht agus do mhuintir Chathair Chorcaí.

Pat Ledwith

Pat Ledwith

Cathaoirleach Fhóram Oidhreacht Chathair Chorcaí agus

Stúirtóir um Pleanála Straitéiseach agus Forbairtí Eachnamacha



Teachtairíocht ón Mhéara



Tá an-áthas orm Plean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2015-2020) a chur i láthair. Soláthraíonn ceapadh an Phlean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2007-2012) roimhe seo ar baineadh amach le Plean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2007-2012) roimhe seo agus le athmhachnamh ar an gcur chuige maidir le hOidhreachta Chathair Chorcaí a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Cuirfidh glacadh le Plean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2015-2020) agus a fhorfheidhmiú go mór le mórán spríocanna straitéiseacha a bhaineann le Plean Forbartha Chathair Chorcaí (2015-2021) a bhaint amach dála: "cáilíocht beatha níos airde a bhaint amach, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an chathair a dhéanamh níos tarraingtú agus a bheith mar áit sláintiúil le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le hinfheistíocht a dhéanamh inti" agus "dreach agus saintréithe ar leithligh Chorcaí a choimeád agus teacht i dtír orthu" agus "bonneagar glas na Cathrach a chosaint agus a mhéadú".

Bhí Oidhreachta Chathair Chorcaí tábhachtach i gcónaí do mhuintir Chorcaí agus tá sin leirthe ag an obair ollmhór atá ar síl go leanúnach ag grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta, ag pobail áitúla, ag daoine indibhídiúla, ag grúpaí deonacha, ag an údarás áitúil agus ag institiúidí oideachais le cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar oidhreachta Chathair Chorcaí agus tuiscint níos fearr a bheith uirthi. Tá an t-eolas agus an saothar a sholáthair mórán de na daoine indibhídiúla agus de na heagraíochtaí seo tar éis a chur ar chumas an Fhóraitm Oidhreachta Plean Oidhreachta fiúntach a fhorbairt a thugann aghaidh ar ríachtanais agus ar thosaíochtaí Oidhreachta don Chathair. Táthar ag síil leis go gcuirfidh an Plean Oidhreachta le luach na hoibre luachmhar atá ar síl cheana féin ar fud na cathrach agus go dtabharfaidh sé spreagadh agus tacaíocht di.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhúthracht agus d'obair chrua Fhóraitm Oidhreachta Chathair Chorcaí, na nGrúpaí Oidhreachta, an Oifige Oidhreachta agus gach duine a chaitheadh le Plean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2015-2020) a fhorbairt. Táim ag tnúth le forfheidhmiú ghníomhaíochtaí Phlean Oidhreachta Chathair Chorcaí (2015-2020) agus le mórán tonscadal rathúil a fheiceáil sa tréimhse cúig bliana atá le teacht, a chuirfidh dár liom, lenár n-eolas agus ar dtuiscint ar oidhreachta agus stair inspéise Chathair Chorcaí.

Chris Colman

Comhairleoir Chris O'Leary

Ard Mhéara

Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Réamhrá01

1.1	Oidhreacht Chathair Chorcaí	03
1.2	Serbhísí Oidhreacht Chomhairle Cathrach Chorcaí	08
1.3	Luach na hOidhreacht	11
1.4	Ról Phlean Oidhreacht Chathair Chorcaí	12
1.5	Phlean Oidhreacht Chathair Chorcaí (2007-2012)	13

Caibidil 2: Plean Oidhreacht Chathair Chorcaí 2015 - 202015

2.1	Ullmhúchan an Phlean	17
2.2	Cúlra Polasat	18
2.3	Ábhar an Phlean	19
2.4	Aidhmeanna agus Cuspóirí an Phlean	19

Caibidil 3: Gníomhaíochtaí an Phlean Oidhreacht23

Spróc 1:	Cúram agus bainistíocht ar n-oidhreacht a chur chun cinn	25
Spróc 2:	Teachtairíocht na hoidhreacht a scaipeadh ar míos mó daoinne agus feasacht a ardtu maidir le hOidhreacht	26
Spróc 3:	Tactu le hoidéachas, tairgde agus olltínt	27
Spróc 4:	Méadú ar leibhéal gníomhaíochta an phobail maidir le hOidhreacht agus naisc míos láidre a chothú le gníochtaí agus le grúpaí sainleasmhara turasoireacht	29


Caibidil 4: Fortheidhmiú an Phlean Oidhreacht31


4.1	Seachadadh an Phlean	31
4.2	Ról Chomhairle Cathrach Chorcaí agus an Oifigeigh Oidhreachtar	33
4.3	Idirchaidreamh leo sin ará Rannpháirtíocht in Obair Leanúnach a dhéanam leas na Oidhreacht sa Chathair	34
4.4	Idirchaidreamh le Comhairle Contae Chorcaí agus Udarás Áitúla eile	34
4.5	Idirchaidreamh leis an gComhairle Oidhreacht	35
4.6	Airgeadas	35
4.7	Monatóireacht agus Athbheithniú	36

Agúisín37

1.	Gníomhaíochtaí Criochnaithe Ó Phlean Oidhreacht 2007-2012	38
2.	Baill den bhFóram Oidhreacht	42
3.	Reachtaríocht	43
4.	Baill na nGrúpaí Oibre	44
5.	Gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta ionchorpraithe sa Phlean Oidhreacht	46
6.	Aighneacht	49







Buiochas

Tá foilsíú Phlean Oidhreacht Chathair Chorcaí (2015-2020) mar thoradh ar a lán oibre agus comhoibriú mhórán daoine indibhídiúla agus grúpaí agus Fóram Oidhreacht agus Grúpaí Oibre Chathair Chorcaí ach go háirithe a bhí faithiúil lena gcuid ama agus a sainéolas.

Aithníonn Fóram Oidhreacht Chathair Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí tacáocht na Comhairle Oidhreacht ach go háirithe a tacáocht do Chlár an Oifige Oidhreacht agus d'fhorneáidhmíú ghníomhaíochtaí Phlean Oidhreacht Chathair Chorcaí.

Tugtar aitheantas freisin d'ionchur na Stúirtóireachtaí éagsúla laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí agus go háirithe rannóg

cathrach.

Aithníonn Fóram Oidhreacht Chathair Chorcaí ionchur luachmhar an phobail i gcoitinne agus go háirithe na ngrúpaí agus na n-eagraíochtaí oidhreacht, pobail áitíúla, daoine indibhídiúla, eagraíochtaí deonacha agus institiúidí oideachais a dhéanann obair ollmhór le chur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar Oidhreacht Chathair Chorcaí agus tuiscint níos fearr a thabhairt uirthi. Táthar ag súil leis go dtacóidh agus go spreagfaidh an Plean Oidhreacht an obair luachmhar seo atá á dhéanamh ar fud na

iomhaí don Phlean.

Stratéiseach agus Forbartha Geilleagrach. Go raibh maith agat do gach einne a thabhairt



An Chomhairle Oidhreacht
The Heritage Council



R-phost: heritage@corckcity.ie

Fón: 021 4924018

Niamh Twomey,
Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Cathrach
Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh

**Le Tuilleadh Eolais a
Fháil Déan Teagmháil le do Thoil le:**



Plean Oidhreachta Cathrach Chorcaí

2015-2020

